Tithe an Oireachtais
Houses of the Oireachtas

Gearrthreoir Faoin tSlí a bhFeidhmíonn an tOireachtas

Réamhrá

Ba chóir go gcabhródh an saghas teanga a labhraítear sa pharlaimint náisiúnta leis an bpobal tuiscint a bheith acu ar an obair a dhéantar ansin, agus ar an mbaint atá ag an Oireachtas (an t-ainm atá ar an bparlaimint náisiúnta in Éirinn) leis an ngnáthshaol. Is dóigh leis an bpobal go minic go bhfuil an béarlagair a úsáidtear gach lá san Oireachtas doiléir. Tá sé de chuspóir leis an ngearrthreoir seo faoi Thithe an Oireachtais go mbeadh an pharlaimint níos sothuigthe acu sin is tábhachtaí ar fad – is é sin an pobal i gcoitinne.

Mínítear sa treoir seo conas a fheidhmíonn Tithe an Oireachtais, lena n-áirítear Dáil Éireann, Seanad Éireann agus na Coistí. Tá gluais an-úsáideach ag gabháil léi ina dtugtar míniú i ngnáthchaint ar théarmaí tábhachtacha. Is cuid dár straitéis chumarsáide í an ghearrthreoir seo. Iarracht atá sa straitéis caidreamh níos fearr a chothú idir Tithe an Oireachtais agus an pobal. Tá súil againn go gcabhróidh an treoir seo chun an méid sin a bhaint amach.

Fáilte go dtí Teach Laighean.



Seán Ó Bairéad, TD
Ceann Comhairle

An Seanadóir Pádraic de Búrca
Cathaoirleach

Gluais

Aire	Comhalta den Rialtas a dhéanann bainistiú ar Roinn
Aire Sóisearach/ Aire Stáit	Comhalta a cheapann an Taoiseach chun cúnamh a thabhairt d'Aire Roinne Rialtais. Tugtar Aire Stáit ar Aire Sóisearach go hoifigiúil
An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste	An duine a roghnaíonn Dáil Éireann chun dearbhú neamhspleách a thabhairt go bhfuil airgead poiblí á bhainistiú go cuí agus á chaitheamh ar shlí éifeachtach
An Buiséad	Plean airgeadais bliantúil an Rialtais
An Chomhairle Stáit	An grúpa ina bhfuil iarThaoisigh, iarUachtaráin, iarPhríomh- Bhreithiúna, an Ceann Comhairle, Cathaoirleach Sheanad Éireann, an tArd-Aighne agus daoine atá ceaptha ag an Uachtarán. Tugann siad comhairle don Uachtarán
An tOireachtas	Parlaimint náisiúnta na hÉireann, arb éard é an tUachtarán, Dáil Éireann agus Seanad Éireann
Bille	Dréacht de dhlí nua nach bhfuil rite ag an Oireachtas fós
Buan-Orduithe	Rialacha Dháil Éireann nó Sheanad Éireann
Bunreacht na hÉireann	Dlíthe bunaidh na hÉireann
Cathaoirleach	Cathaoirleach Sheanad Éireann
Ceann Comhairle	Cathaoirleach Dháil Éireann a bhíonn i gceannas ar na himeachtaí agus a chinntíonn go gcaitear go cothrom le gach TD agus go ndéantar de réir rialacha an Tí.

Gluais

Comhalta	Comhalta de cheachtar Teach den Oireachtas
Comhchoiste	Roghchoiste Dála agus Roghchoiste Seanaid ag cruinniú dóibh le chéile
Dáil Éireann	An Dáil an leagan gearr a thugtar uirthi. Is í an Dáil Teach na nIonadaithe
Lánscor	Gníomh a dhéanann an tUachtarán chun deireadh a chur le téarma reatha na Dála ionas gur féidir olltoghchán a bheith ann
Leasú	Athrú ar mhionsonra de chuid dlí bheartaithe
Páipéar Uaine	Plé-dhoiciméad ina leagtar amach smaointe an Rialtais agus ina n-iarrtar trácht agus tuairimí ó dhaoine aonair agus ó eagraíochtaí lena mbaineann an t-ábhar
Riar na hOibre	Doiciméad ina leagtar amach an gnó atá os comhair gach Tí
Roghchoiste	Coiste nach bhfuil air ach comhaltaí den Dáil amháin nó den Seanad amháin
Seanad Éireann	An Seanad an leagan gearr a thugtar air
Seanadóir	Comhalta de Sheanad Éireann
Tánaiste	LeasPhríomh-Aire na hÉireann
Taoiseach	Ceann Rialtais na hÉireann
TD (nó Teachta)	Teachta Dála, 'teachtaire chun na Dála' is brí leis

Réamhrá.....1
Gluais.....2

Cad é an tOireachtas?.....6
Cé chinneann cumhachtaí agus feidhmeanna an Oireachtais?.....6
Conas a thoghtar daoine chuig Tithe an Oireachtais?.....7
Cad a dhéanann Teachtaí Dála agus Seanadóirí?.....8
Cad a tharlaíonn i nDáil Éireann tar éis olltoghcháin?.....9

Cé na daoine a fhéadfaidh a bheith ina gcomhaltaí den Rialtas?.....10
Conas a dhéanann an Rialtas cinntí?.....10
Cé dóibh a bhfuil an Rialtas freagrach?.....10
Cad é ról agus cad í feidhm Thithe an Oireachtais?.....11

Conas a oibríonn Dáil Éireann?.....12
Cad is Ceisteanna ó Cheannairí ann?.....13
Conas a chuireann Teachtaí Dála ceisteanna?.....14
An féidir le Teachtaí Dála saincheisteanna a ardú sa Dáil ar shlite eile?.....15

Conas a oibríonn Seanad Éireann?.....16
Reachtaíocht.....17
An dtéitear i gcomhairle leis an bpobal?.....18
Conas a dhéantar dlí de Bhille?.....19
Cad a tharlaíonn nuair a bhíonn Bille rite ag an dá Theach?.....20
An féidir leis an Uachtarán diúltú Bille a shíniú ina dhlí?.....20

Cad a tharlaíonn má tá an tUachtarán as láthair?.....21
Cad í an Chomhairle Stáit?.....21

Coistí.....22
Cén fáth a mbíonn gá ag an Oireachtas le coistí?.....22
Conas a roghnaítear comhaltaí de choistí?.....23
Cé na daoine a fhéadfaidh a bheith ina gcathaoirleach ar choiste?.....23
An mbíonn cruinnithe coiste oscailte don phobal?.....23
Cad a dhéantar le cinntí ó choistí?.....24
Cé chomh minic a thagann coistí le chéile?.....24
An mbíonn buiséad ag coistí?.....24

Ábhair Léitheoireachta.....25

Cad é an tOireachtas?

Is daonlathas parlaiminteach í Éire, is é sin córas Rialtais ionadaíoch. Is é an tOireachtas Parlaimint Náisiúnta na hÉireann. Is éard atá ann:

- An tUachtarán
- Dáil Éireann (Teach na nIonadaithe)
- Seanad Éireann

Cé chinneann cumhachtaí agus feidhmeanna an Oireachtais?

Rianaítear cumhachtaí agus feidhmeanna an Oireachtais i mBunreacht na hÉireann. Tá sé ráite sa Bhunreacht gur leis an Oireachtas amháin is féidir dlíthe a dhéanamh agus go gcaithfidh an Rialtas a bheith freagrach do Dháil Éireann. Ceadaítear do gach Teach faoin mBunreacht a rialacha féin (ar a dtugtar Buan-Orduithe) a dhéanamh.

Conas a thoghtar daoine chuig Tithe an Oireachtais?

Dáil Éireann

Toghann muintir na hÉireann na comhaltaí de Dháil Éireann (ar a dtugtar Teachtaí nó Teachtaí Dála) trí thoghchán díreach. Féadfaidh saoránaigh atá 18 mbliana d'aois agus os a chionn vóta a chaitheamh. De réir dlí, ní mór olltoghchán chuig Dáil Éireann a sheoladh ar a laghad uair amháin gach cúig bliana. Tá an tír roinnte ina ceantair ar a dtugtar dáilcheantair. Ní hionann méid na ndáilcheantar sin agus féadfar triúr, ceathrar nó cúigear Teachta Dála a thoghadh sna Dáilcheantair. De réir an Bhunreachta, ní mór Teachta Dála amháin ar a laghad a bheith ann in aghaidh gach 20,000 go 30,000 duine. Féadfaidh TD a bheith ina chomhalta nó ina comhalta de pháirtí polaitiúil, nó a bheith ina chomhalta nó ina comhalta neamhspleách.

Seanad Éireann

Roghnaítear an 60 Comhalta de Sheanad Éireann ar shlite éagsúla:

- Toghtar 43 Sheanadóir ó chúig rolla a bhaineann le saíocht agus oideachas, talmhaíocht, oibreachas, tionscal agus tráchtáil, agus riarachán poiblí;
- Toghann céimithe Ollscoil na hÉireann (OÉ) 3 Sheanadóir;
- Toghann céimithe Ollscoil Bhaile Átha Cliath (Coláiste na Tríonóide) 3 Sheanadóir;
- Ainmníonn an Taoiseach 11 Seanadóir.

Go teoiriciúil, ní aithnítear comhaltas páirtithe polaitíochta i Seanad Éireann. Is amhlaidh, áfach, go mbíonn comhdhéanamh an tSeanaid ag teacht de ghnáth le neart na bpáirtithe i nDáil Éireann. Is mar sin atá de bhrí gurb iad a thoghann na Seanadóirí Comhaltaí den Dáil nuathofa, Comhaltaí den Seanad roimhe agus Comhaltaí de Chomhairlí Contae agus Cathrach.

Cad a dhéanann Teachtaí Dála agus Seanadóirí?

Is í an phríomhfheidhm pharlaiminte atá ag Teachtaí Dála agus Seanadóirí dlíthe a rith. Glacann siad páirt i ndíospóireachtaí freisin agus déanann siad uiríll thar ceann daoine den phobal, grúpaí leasmhara agus, i gcás Teachtaí Dála, thar ceann daoine ina ndáilcheantair. Ina theannta sin, féadfaidh Teachtaí Dála ceisteanna parlaiminte a chur (mínítear é seo thíos sa rannán a bhaineann le 'Tráth na gCeisteanna').

Cad a tharlaíonn i nDáil Éireann tar éis olltoghcháin?

- Síníonn gach TD rolla na gComhaltaí roimh a shuíochán nó a suíochán a thógáil.
- Léann an Cléireach an forógra ag comóradh Dháil Éireann agus fógraíonn sé nó sí ainm agus dáilcheantar gach Comhalta.
- Toghann na Comhaltaí an Ceann Comhairle.
- Cuirtear tús leis an bpróiseas chun Rialtas a dhéanamh. Féadfaidh gach páirtí polaitíochta nó comhghuaillíocht de pháirtithe polaitíochta Comhalta a ainmniú chun bheith ina Thaoiseach nó ina Taoiseach. Caitheann na Teachtaí Dála vóta ar gach ainmniúchán. De ghnáth, bíonn an bua ag an TD ag a bhfuil tacaíocht ó thromlach na gcomhaltaí agus is é nó í a bhíonn ina Thaoiseach nó ina Taoiseach.
- Ainmníonn an Taoiseach na comhaltaí eile den Rialtas (na hAirí) agus sannann sé nó sí Ranna Rialtais dóibh.
- Vótálann an Dáil chun an Rialtas a cheadú.
- Ceapann an tUachtarán an Taoiseach agus na hAirí go foirmiúil agus tugann sé nó sí a séalaí oifige dóibh.

Cé na daoine a fhéadfaidh a bheith ina gcomhaltaí den Rialtas?

Bíonn seachtar comhalta ar a laghad agus 15 comhalta ar a mhéad sa Rialtas. Ní mór don Taoiseach, don Tánaiste agus don Aire Airgeadais a bheith ina gComhaltaí de Dháil Éireann. Ceadaítear faoin mBunreacht beirt Sheanadóir a bheith ina gcomhaltaí den Rialtas. Is annamh a tharlaíonn sé sin, áfach.

Conas a dhéanann an Rialtas cinntí?

Tagann an Rialtas le chéile agus gníomhaíonn sé mar chomhúdarás. Ciallaíonn sé sin gurb é an Rialtas ina iomláine, seachas comhaltaí aonair den Rialtas, a dhéanann na cinntí ar fad. Ceapann an Taoiseach Airí Stáit chomh maith (ar a dtugtar Airí Sóisearacha freisin) chun cabhrú le hobair an Rialtais.

Cé dóibh a bhfuil an Rialtas freagrach?

Is sa Dáil a chuirtear an Rialtas ar bun agus tá sé freagrach di. Má chailleann an Rialtas tacaíocht na Dála, is é an toradh a bheidh air sin:

- cuirfidh an tUachtarán deireadh le téarma na Dála reatha (tugtar lánscor air sin) agus gairtear olltoghchán; nó
- cuirfear Rialtas ionaid ar bun.

Cad é ról agus cad í feidhm Thithe an Oireachtais?

Déanann gach Teach:

- Billí a thionscnamh agus a phlé;
- díospóireacht a dhéanamh ar shaincheisteanna is cás leis an bpobal;
- imscrúdú agus maoirseacht ar bheartas Rialtais agus riaradh ag an Rialtas; agus
- maoiniú ranna Rialtais a cheadú

Tá cumhacht ag na Tithe freisin:

- chun dlíthe a dhéanamh;
- chun an tUachtarán, an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste nó breitheamh den Ard-Chúirt nó den Chúirt Uachtarach a chur as oifig; agus
- staid éigeandála a fhógairt nó deireadh a chur léi.

Is í an Dáil amháin atá in ann reachtaíocht airgeadais agus Billí chun an Bunreacht a leasú a thabhairt isteach. Ina theannta sin, is féidir leis an Seanad:

- moltaí (ach ní leasuithe) a dhéanamh ar Bhillí airgeadais. Caithfear na moltaí sin a dhéanamh laistigh de 21 lá;
- leasuithe a dhéanamh ar Bhillí nach Billí airgeadais laistigh de 90 lá; agus
- an tréimhse ama ar laistigh di is féidir leis an Uachtarán Bille a shíniú ina dhlí a ghiorrú - tugtar 'tairiscint i leith síniú níos luaithe' air seo.

Conas a oibríonn Dáil Éireann?

Cad é 'Riar na hOibre'?

Rianaítear gnó na Dála i Riar na hOibre. Ullmhaítear faoi threoir an Cheann Comhairle é. Cinneann an Taoiseach an t-ord ina ndéantar gnó an Rialtais. I gcúinsí áirithe, féadfaidh an Taoiseach a mholadh go suífidh an Dáil go déanach go dtí go mbeidh gnó an Rialtais tugtha chun críche.

Cad é 'Tráth na gCeisteanna'?

Cuirtear tréimhse ama áirithe ar fáil i nDáil Éireann Dé Máirt, Dé Céadaoin agus Déardaoin nuair a fhéadfaidh Teachtaí Dála ceisteanna a chur ar Airí faoi shaincheisteanna a bhaineann lena Ranna nó a bhfuil siad freagrach astu go hoifigiúil. Tugtar 'Tráth na gCeisteanna' air seo agus is slí amháin í sin ina bhféachann Teachtaí Dála chuige go mbeadh an Rialtas cuntasach don Dáil. Freagraíonn an Taoiseach ceisteanna gach Máirt agus gach Céadaoin agus freagraíonn Airí ceisteanna ar a seal de réir róta laethúil chomhaontaithe. Róta athfhillteach atá sa róta seo sa chaoi gur féidir le Teachtaí Dála ceisteanna a chur go rialta ar gach Aire. Is ceadmhach do gach comhalta dhá cheist a chur ar an Aire. Ar an lá féin, tugtar tosaíocht do chúig cheist chun a chinntiú go bhfreagraítear ar an lá sin iad. Ní mór do Theachtaí Dála fógra trí lá a thabhairt i gcomhair ceisteanna ó bhéal a dtugtar tosaíocht dóibh agus fógra ceithre lá a thabhairt i gcomhair ceisteanna eile.

Cad is Ceisteanna ó Cheannairí ann?

I dtús an ghnó Dé Máirt agus Dé Céadaoin, ceadaíonn an Ceann Comhairle do cheannaire gach páirtí sa Fhreasúra ceist ghairid a chur ar an Taoiseach faoi ní lena mbaineann tábhacht phoiblí. Ar an Déardaoin, is féidir ceist ghairid a chur ar an Tánaiste faoi ní lena mbaineann tábhacht phoiblí. Tugtar 'Ceisteanna ó Cheannairí' ar na ceisteanna sin agus bíonn feidhm ag na rialacha seo a leanas maidir leo:

- is dhá nóiméad ar a mhéad a cheadaítear chun an cheist a chur;
- is trí nóiméad ar a mhéad a cheadaítear le haghaidh freagra ón Taoiseach nó ón Tánaiste;
- féadfaidh an ceannaire sa Fhreasúra a chuir an cheist ceist ghairid leantach nach faide ná nóiméad amháin a chur; agus
- tabharfaidh an Taoiseach nó an Tánaiste freagra deiridh nach faide ná nóiméad amháin.

Conas a chuireann Teachtaí Dála ceisteanna?

Sular ceadmhach ceist a chur síos ar Riar na hOibre, déantar í a sheiceáil chun a chinntiú go bhfuil sí de réir Bhuan-Orduithe (rialacha) an Tí.

Cad a tharlaíonn nuair a chuireann TD ceist?

Féadfaidh an Ceann Comhairle roinnt ceisteanna leantacha a cheadú. I gcás Ceisteanna ar Riar na hOibre nach sroichtear, is féidir freagra scríofa a thabhairt orthu nó is féidir iad a choimeád siar go dtí an chéad uair eile a bheidh an tAire áirithe sin ag freagairt Ceisteanna sa Dáil.

Cad is ceisteanna scríofa ann?

Is féidir le comhaltaí freisin ceisteanna a chur síos le haghaidh freagra scríofa. Níl aon teorainn ar líon na gceisteanna scríofa is féidir le Comhalta a chur; ní mór don Chomhalta fógra trí lá a thabhairt, áfach. Sa bhliain 2010, d'fhreagair na hAirí breis agus 35,000 ceist scríofa.

Cad faoi cheisteanna práinneacha?

Ó am go chéile, is féidir gur mian le Teachtaí Ceisteanna a chur faoi nithe a mbaineann tábhacht phráinneach phoiblí leo agus atá tar éis teacht chun cinn go tobann. Tá cumhacht ag an gCeann Comhairle faoi na Buan-Orduithe glacadh le Ceisteanna den sórt sin ar fhógra an-ghearr. Tugtar ceisteanna 'ar fhógra príobháideach' orthu sin. Má ghlacann an Ceann Comhairle le Ceisteanna den tsamhail sin, tógtar iad i ndeireadh Thráth na gCeisteanna. Féadfaidh Comhaltaí ceisteanna práinneacha den chineál sin a ardú Dé Máirt, Dé Céadaoin nó Déardaoin trí fhógra a thabhairt i scríbhinn don Cheann Comhairle 45 nóiméad ar a laghad sula suíonn an Dáil. Ní mór a rá san fhógra – i mbeagán focal – cad é leis a mbaineann an cheist agus cén fáth a bhfuil an Comhalta á hardú.

An féidir le Teachtaí Dála saincheisteanna a ardú sa Dáil ar shlite eile?

Díospóireacht faoi Nithe Tráthúla

Is éard iad sin deiseanna a chuirtear ar fáil do Theachtaí Dála saincheisteanna is cás leo a ardú. Chuige sin, caithfidh siad fógra a thabhairt don Cheann Comhairle faoi na saincheisteanna atá siad ag iarraidh a ardú. Roghnaíonn an Ceann Comhairle ceithre shaincheist ansin le díospóireacht a dhéanamh orthu. I ngach cás, déanann an TD lena mbaineann ráiteas ceithre nóiméad agus tá sé de cheart ag an Aire ráiteas ceithre nóiméad a dhéanamh mar fhreagra. Ceadaítear don TD ráiteas eile dhá nóiméad a dhéanamh ansin agus ceadaítear don Aire freagra dhá nóiméad eile a thabhairt.

Gnó Comhaltaí Príobháideacha

Cuirtear trí uair an chloig ar fáil gach seachtain sa Dáil, idir 7.30 p.m. agus 9.00 p.m. Dé Máirt agus Dé Céadaoin. Le linn na tréimhse ama sin is féidir le páirtithe agus grúpaí sa fhreasúra a mBillí agus a dtairiscintí Comhaltaí Príobháideacha féin a thabhairt ar aghaidh lena bplé. De ghnáth is saincheisteanna móra polaitíochta na haimsire a bhíonn i gceist leo seo. Ar an gcéad Aoine de gach mí, suíonn an Dáil chun breithniú a dhéanamh ar reachtaíocht a thugann comhalta den Dáil nach Aire ná Aire Stáit isteach. Díospóireacht ar an dara céim a bhíonn ann. Is díospóireacht ghinearálta í sin ar phrionsabail an Bhille agus ar nithe eile a d'fhéadfaí a chur isteach sa Bhille nó ar aon ní ba chóir a bhaint amach as. Má chuirtear níos mó ná Bille amháin ar aghaidh lena bhreithniú, ansin déantar crannchur chun a chinneadh cén Bille a phléifear.

Conas a oibríonn Seanad Éireann?

Feidhmíonn Seanad Éireann ar chaoi den tsamhail chéanna le Dáil Éireann ach tá difríochtaí áirithe ann. Bíonn gach suí den Seanad faoi rialú Riar na hOibre, a ullmhaítear faoi threoir an Chathaoirligh. Ar Riar na hOibre bíonn na tairiscintí agus na leasuithe a bpléifidh an Seanad leo an lá sin (seachas na cinn sin a cheadaítear faoi Bhuan-Orduithe gan fógra a thabhairt).
Is é nó is í Ceannaire an Tí, ar comhalta é nó í den phríomhpháirtí Rialtais agus a bhíonn ceaptha ag an Taoiseach a eagraíonn gnó an Rialtais sa Seanad. Ag tosach an ghnó gach lá, féadfaidh Seanadóirí saincheisteanna a ardú le Ceannaire an Tí, ar nós an ghá le díospóireacht a sheoladh faoi ní lena mbaineann tábhacht náisiúnta nó chun freagraí a fháil ó Aire maidir le ní éigin a thagann faoi réim Roinn an Aire.

Ceisteanna ar an Atráth

Is féidir le Seanadóirí saincheisteanna is cás leo a ardú ag deireadh gach lae suí – tugtar 'Ceisteanna ar an Atráth' orthu seo. Chun é sin a dhéanamh, caithfidh siad fógra a thabhairt don Chathaoirleach maidir leis na saincheisteanna is mian leo a ardú. Roghnaíonn an Cathaoirleach ceithre hábhar ansin agus féadfaidh an Seanadóir áirithe óráid ceithre nóiméad a thabhairt. I ngach cás, tá an ceart ag an Aire óráid ceithre nóiméad a thabhairt mar fhreagra.

Rannpháirtíocht Phoiblí

Féadfaidh Seanad Éireann an deis a thabhairt do dhaoine sa saol poiblí agus sibhialta labhairt leis an Seanad faoina réimsí saineolais. Iarrfaidh Coiste um Achainíocha ón bPobal aighneachtaí faoi réimsí roghnaithe de bheartas poiblí agus cuirfidh sé ar cumas daoine ón bpobal ceisteanna beartais is cás leo a chur faoi bhráid Seanadóirí.

Reachtaíocht

Conas a dhéantar dlíthe?

Bille a bhíonn i ngach dlí i dtús báire. Tograí le haghaidh reachtaíochta is ea Billí. Tá trí chineál ann:

- Billí Poiblí, arb é an Rialtas a mholann iad. Is den aicme sin formhór na mBillí.
- Billí Príobháideacha, ar údaráis áitiúla, eagraíochtaí príobháideacha nó daoine aonair príobháideacha a chuireann chun cinn iad. Is annamh a bhíonn siad ann agus tá nósanna imeachta speisialta ann chun plé leo; agus
- Billí Comhaltaí Príobháideacha, ar páirtithe sa fhreasúra agus Teachtaí Dála neamhspleácha agus Teachtaí Dála aonair a chuireann ar aghaidh iad. Aon togra i gcomhair dlí nua nó athrú ar dhlí reatha féadfar é a dhéanamh sa Dáil nó sa Seanad.

Cuirfidh reachtaíocht athruithe i bhfeidhm ar an tslí a reachtáiltear an tír. Mar shampla, tar éis an bhuiséid, arb éard atá ann tograí airgeadais bliantúla an Rialtais, foilseofar Bille Airgeadais. Déantar an tAcht Airgeadais den Bhille sin in am trátha lena gcuirtear moltaí an Rialtais i ngníomh nuair a bheidh siad rite ag an dá Theach.

An dtéitear i gcomhairle leis an bpobal?

Sula dtugtar Bille isteach, beidh cruinnithe comhairliúcháin, agus déanfar plé, le Ranna Rialtais agus na grúpaí ar dócha go bhfearfaidh an Bille orthu. Uaireanta foilseoidh an Rialtas Páipéar Uaine. Is plé-dhoiciméad é sin ina leagtar amach smaointe an Rialtais agus ina n-iarrtar trácht agus tuairimí ó dhaoine aonair agus eagraíochtaí ábhartha.

Conas a dhéantar dlí de Bhille?

Tá cúig chéim ann. Meastar go minic gurb iad an dara céim agus an tríú céim is tábhachtaí toisc gur ar na céimeanna sin a bhíonn an deis is fearr ag Comhaltaí chun an Bille a phlé agus a athrú.

- An Chéad Chéim: tugtar an Bille isteach i dTeach amháin de na Tithe – an Dáil nó an Seanad.
- An Dara Céim: Is díospóireacht ghinearálta í seo faoi phrionsabail an Bhille agus faoi nithe eile a d'fhéadfaí a chur isteach sa Bhille nó cad é is cóir a bhaint amach as.
- An Tríú Céim: Tugtar Céim an Choiste freisin ar an gcéim seo. Déanann comhaltaí den Teach ina bhfuil an Bille á phlé imscrúdú ar an mBille alt de réir ailt agus féadfaidh siad athruithe a mholadh (ar a dtugtar leasuithe) ar an mBille. Más rud é go ngabhfadh costais airgid le leasú, áfach, is iad na hAirí amháin ar féidir leo é a mholadh.
- An Ceathrú Céim: Tugtar 'Céim na Tuarascála' uirthi seo. Féadfar leasuithe nua a mholadh.
- An Cúigiú Céim: Plé deiridh ar an mBille. Ní féidir aon athruithe eile a dhéanamh. I gcás go ritear an Bille ar na céimeanna go léir i dTeach amháin, cuirtear ar aghaidh chuig an Teach eile é, áit a dtosaíonn an próiseas arís ón dara céim.

Cad a tharlaíonn nuair a bhíonn Bille rite ag an dá Theach?

A luaithe a ritheann an Dáil agus an Seanad an Bille, tíolacann an Taoiseach cóip don Uachtarán lena shíniú agus lena dhearbhú ina dhlí. Cuirtear an dlí sínithe chuig Cláraitheoir na Cúirte Uachtaraí, áit a gcláraítear agus a gcoimeádtar ar taifead é.

An féidir leis an Uachtarán diúltú Bille a shíniú ina dhlí?

Tá dhá chúinse ann faoin mBunreacht ina bhféadfadh an tUachtarán a chinneadh gan Bille a shíniú.

1 Má cheapann an tUachtarán, tar éis dó nó di dul i gcomhairle leis an gComhairle Stáit, go bhfuil aon chuid de Bhille míbhunreachtúil, féadfaidh sé nó sí é a tharchur chuig an gCúirt Uachtarach. Má chinneann an Chúirt Uachtarach go bhfuil sé míbhunreachtúil, ní féidir leis an Uachtarán an Bille a shíniú.

2 Is féidir le tromlach an tSeanaid agus aon trian ar a laghad den Dáil a iarraidh ar an Uachtarán gan bille a shíniú má chreideann siad go bhfuil togra ann lena mbaineann tábhacht náisiúnta chomh mór sin gur chóir go vótálfadh muintir na tíre air. Féadfaidh an tUachtarán comhaontú lena n-iarraidh tar éis dul i gcomhairle leis an gComhairle Stáit. Sna cásanna sin, ní shíneoidh an tUachtarán an Bille go dtí go mbeidh sé ceadaithe ag muintir na tíre i reifreann nó ag Dáil nua tar éis an Dáil reatha a lánscor agus olltoghchán a bheith ann.

Cad a tharlaíonn má tá an tUachtarán as láthair?

Má tá an tUachtarán as láthair, gníomhaíonn coimisiún ar a mbíonn Ceann Comhairle Dháil Éireann, Cathaoirleach Sheanad Éireann agus Príomh-Bhreitheamh na Cúirte Uachtaraí.

Cad í an Chomhairle Stáit?

Tugann an Chomhairle Stáit comhairle don Uachtarán. Is grúpa é ina bhfuil:

- an Taoiseach láithreach agus iarThaoisigh;
- Uachtaráin;
- Príomh-Bhreithiúna;
- an Ceann Comhairle;
- Cathaoirleach Sheanad Éireann;
- an tArd-Aighne; agus
- daoine a cheapann an tUachtarán.

Coistí

Cad iad na cineálacha éagsúla coistí?

Tá cumhacht ag gach Teach den Oireachtas coistí a bhunú. Tá ceithre chineál coistí ann:

1 Buanchoistí: Cuirtear na coistí seo ar bun sa ghnáthchúrsa i ngach Dáil nua nó i ngach Seanad nua. Sampla is ea an Coiste um Chuntais Phoiblí.

2 Roghchoistí: Is éard atá iontu seo Comhaltaí de Theach amháin, an Dáil nó an Seanad.

3 Comhchoistí: is Roghchoistí ón dá Theach iad seo a shuíonn agus a phléann ábhair ar leith.

4 Coistí speisialta: Bunaítear iad seo ó am go chéile chun Bille sonrach a scrúdú.

Cén fáth a mbíonn gá ag an Oireachtas le coistí?

Cuireann córas coistí ar chumas Comhaltaí plé le gnó Oireachtais, ar gnó atá ag dul i méid i gcónaí, agus ag an am céanna tugtar níos mó deiseanna dóibh páirt a ghlacadh in obair na parlaiminte. Bíonn ról fíorthábhachtach ag na coistí maidir le scrúdú a dhéanamh ar na meastachán i gcomhair na ranna Rialtais go léir. Ina theannta sin, is é an t-aon fhóram é inar féidir le Comhaltaí den pharlaimint idirghníomhú leis an bpobal.

Conas a roghnaítear comhaltaí de choistí?

Cinneann gach Teach comhaltas, cumhachtaí agus téarmaí tagartha a choistí. De ghnáth bíonn comhaltas coiste i gcoibhneas le neart na bpáirtithe polaitíochta agus Comhaltaí neamhspleácha sa Teach ina mbunaítear é.

Cé na daoine a fhéadfaidh a bheith ina gcathaoirleach ar choiste?

Féadfaidh cathaoirligh choistí a bheith ina gcomhaltaí den Rialtas nó de pháirtithe sa fhreasúra agus is iad comhaltaí an choiste a thoghann iad.

An mbíonn cruinnithe coiste oscailte don phobal?

Cruinnithe poiblí a bhíonn ag an gcuid is mó de na coistí agus craoltar ar an teilifís iad. Féadfaidh iriseoirí agus daoine den phobal freastal orthu. Bíonn na himeachtaí le feiceáil freisin ar shuíomh gréasáin an Oireachtais.
www.oireachtas.ie

Cad é dhéantar le cinntí ó choistí?

Foilsítear tuarascálacha coiste. Is faoi gach Teach cinneadh a dhéanamh maidir le haon ghníomh leantach.

Cé chomh minic a thagann coistí le chéile?

Bíonn cruinnithe ag na Coistí ar bhonn rialta, gach seachtain de ghnáth, seachas i mí Lúnasa.

An mbíonn buiséad ag coistí?

Tá oifig riaracháin rúnaíochta ann do na Coistí agus, nuair is gá, bíonn buiséad ar fáil dóibh i gcomhair sainchúnaimh nó cúnaimh theicniúil.

Ábhar Léitheoireachta

Chun faisnéis níos mionsonraithe a fháil faoi Thithe an Oireachtais agus faoinár gcóras polaitíochta, b'fhéidir gur mhaith leat na saothair seo a leanas a léamh:

- The Houses of the Oireachtas : Parliament in Ireland / Muiris Mac Cárthaigh and Maurice Manning (2010).
- The Dáil in the 21st century / Anthony O'Halloran (2010).
- Accountability in Irish Parliamentary Politics / Muiris Mac Cárthaigh (2005).
- Politics in the Republic of Ireland / edited by John Coakley and Michael Gallagher (2010).
- Irish Government Today / Sean Dooney, John O'Toole (2009).

Le haghaidh tuilleadh eolais faoi Thithe an Oireachtais
déan teagmháil le do thoil leis an Aonad Cumarsáide:

An tAonad Cumarsáide
Tithe an Oireachtais
Sráid Chill Dara
Baile Átha Cliath 2

Guthán: + 353 (0)1 618 3066/3166
Ríomhphost: communications@oireachtas.ie
Suíomh gréasáin: www.oireachtas.ie
Tá teacht orainn ar: